

Wwoofáil: Réamhobair

A Cé acu de na rudaí seo atá i gceist le “wwoofáil,” dar leat?

- Ag dul ó áit go háit, ag fanacht le daoine ina dtithe cónaithe
- Deiseanna oibre ar fheirmeacha orgánacha
- Turais eachtraíochta go páirceanna náisiúnta

B Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- An mbeadh spéis agat féin dul ag wwoofáil?
- Céard a bheadh i gceist leis, meas tú?
- An ndearna tú rud ar bith mar é cheana?

C Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

lámh chuidithe	organic food
foghlaim faoi chúrsaí feirmeoireachta	a unique travel experience
eispéireas taistil ar leith	a helping hand
amuigh faoin spéir	adventure
modh taistil ailtéarnach	outside
atmaisféar dearfach	learning about farming
bía orgánach	a positive atmosphere
maireachtáil gan feoil	living without meat
eachtraíocht	an alternative method of travel

D Líon na bearnaí agus tú ag baint úsáide as na focail i gCuid C thuas.

- Is breá liom am a chaitheamh _____.
- Is veigeatóir mé. Tá mé ag _____ le cúig bliana anuas.
- Ní ithim ach _____ - seachnaím bía a bhféadfadh tocsainí a bheith ann.
- Tugaim _____ sa bhaile ó am go ham, ach go hiondúil bíim róghafa leis an staidéar.
- Taitníonn an bhialann nua sin liom – bíonn _____ i gcónaí.
- Is _____ é wwoofáil!
- Tá fonn orm dul ag _____ tar éis na hArdteiste.
- Fágaim mo charr sa bhaile agus roghnaím _____ le brú orm féin a laghdú.
- Tá an-spéis agam sa taisteal agus san _____ thar lear.



Wwoofáil: Mír a hAon


A Meaitseáil an focal ón bhfíseán leis an téarma comhchiallach thíos

geámh	
triall	
spaisteoireacht	
in éindí	
ag gabháil	
i gcuideachta	
fá choinne	

ag dul i gcomhlúadar uair
 le chéile camchuart aistear le haghaidh

B Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga

- Cén fáth a bhfuil Mairéad agus Gavin ag glacadh sosa ón stiúideo?
- Cá bhfuil siad ag gabháil an geámh seo?
- Céard a bheidh ar siúl acu?


Wwoofáil: Mír a Dó

A

Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos

1. Cén chuid den Astráil a bhfuil na láithreoirí ag taisteal ann?

- in iargúil na hAstráile
- suas cósta thoir na hAstráile
- suas go dtí na sceireacha coiréil

2. Cén post a bhí ag Kathryn sula ndeachaigh sí ar scor?

- príomhoide scoile
- garda cósta
- aisteoir ar an gclár ‘Home and Away’

3. Cén fáth a bhfuil Mairéad sásta leis an lóistín?

- beidh sí fhéin agus Gavin ag campáil lasmuigh faoin spéir
- tá a seomra féin aici
- tá radhairc áille ann

4. Cé acu de na rudaí seo nach bhfuil luaithe i rialacha an tí (dhá rud)?

- an geata a choinneáil druidte
- gan an cith a úsáid ach ar feadh dhá nóiméad
- bia a chur amach ar an gcarn múirín
- gan an leithreas a shruthlú le haghaidh “uimhir a haon”
- tú féin a níochán le huisce fuar amháin ar maidin
- píosaí gruaige a chur amach ar an tsráid tar éis duit do chosa a bhearradh

B

Ag caint faoi dhúshláin chaomhnaithe


Déan cur i láthair ar cheann de na dúshláin chaomhnaithe thíos.

- fuinneamh leictreach a chaomhnú
- úsáid uisce a laghdú
- airgead a shábháil

Nótaí

**A** Ag insint faoi dhaoine eile

Lig ort go bhfuil tú ag cur Mairéad nó Gavin in aithne do bhainisteoir feirme nua. Luaigh na pointí thíos:



An t-ainm atá uirthi	An t-ainm atá air
An gnáthphost atá aici	An gnáthphost atá aige
Cad atá ar siúl aici san Astráil	Cad atá ar siúl aige san Astráil
An taithí a fuair sí ar an bhfeirm alpaca	An taithí a fuair sé ar an bhfeirm alpaca

B Rólghníomhaíocht: Agallamh poist

Seo do sheans! Tá feirm glasraí orgánacha i nDún Lúiche ag cuardach ‘wwoofers’ don samhradh seo chugainn. Lig ort go bhfuil tú ag gloach ar an úinéir le spéis a chur sa phost – seo thíos cuid de na ceisteanna a chuirfidh sí ort. Ná déan dearmad ceisteanna a chur ar ais uirthi! Gheobhaidh tú pointí as gach foirm ceisteach a ghliogáiltear thíos!

- Cén t-ainm atá ort?
- Cén aois thú?
- Cá bhfuil cónaí ort?
- Céard atá ar siúl agat faoi láthair?
- An bhfuil mórán taithí oibre agat?
- An bhfuil mórán taithí agat leis an gcineál seo oibre?
- Cén fáth a dtaitneodh an cineál seo oibre leatsa?
- Céard iad na dátaí ar a mbeifeá ar fáil?
- Cén modh taistil a bheidh agat ag teacht go Dún Lúiche?